C/2024/5521

12.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11632 – ALTEN / WORLDGRID)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5521)

1. An 4 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ALT 08 SARL ('ALT 08', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Alten SA ('Alten', an Fhrainc),

— Gnólacht Worldgrid, lena n-áirítear Worldgrid France SAS agus eintitis agus sócmhainní eile Worldgrid ('Worldgrid', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Atos SE (an Fhrainc).

Gheobhaidh ALT 08 rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Worldgrid ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Alten seirbhísí innealtóireachta agus TF ar fud an domhain do chliaint mhóra chorparáideacha, teileachumarsáide agus seirbhíse dá dtionscadail lena mbaineann gné theicneolaíoch sna Rannáin Teicneolaíochta, Taighde & Forbartha agus Córas Faisnéise.

— Déanann Worldgrid speisialtóireacht i dtionscadail chomhtháthaithe agus i réitigh fuinnimh chliste fíor-ama do chuideachtaí fuinnimh agus fóntas ar fud na slabhraí luacha cumhachta, uisce, ola agus gáis. Tá sé gníomhach maidir le seirbhísí teicneolaíochta TF agus oibríochtúla, go príomha san Eoraip, go háirithe sa Fhrainc, sa Ghearmáin, agus sa Spáinn, agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11632 – ALTEN / WORLDGRID

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË